Roinn na Gaeilge
TREOIR MAIDIR LE TRÁCHTAS MA SA NUA-GHAEILGE

1. Réamhrá

Tugtar sa cháipéis seo treoir agus rialacha an tráchtais ar an gcúrsa MA sa Nua-Ghaeilge. Turas i dtreo an fheasa atá i scríobh an tráchtais. Is céim thábhachtach é i bhfás agus i bhforbairt intleachtúil an mhic léinn. Céim mhór i dtreo aibíochta agus neamhspleáchais scolártha is ea é. Dá bhrí sin, ionas go mbeadh taithí dhearfach ar an bhfoghlaim ag an mac léinn, ní mór dó nó di béim faoi leith a leagan ar an tosaíocht a thugtar don turas i dtreo na saoirse acadúla. Braitheann a lán ar chumarsáid an mhic léinn leis an bhfeighlí. Chun an leas is fearr a bhaint as eispéireas an léinn, ní mór freagracht dá réir a thógáil ina thaobh. Tá an feighlí ann le cabhair agus comhairle a chur ar fáil, ach is ar an mac léinn a luíonn freagracht an obair a thabhairt chun críche go sásúil. Seo a leanas roinnt pointí ar fiú díriú orthu:

1. Bí in am do chruinnithe le d'fheighlí léinn.
2. Bíodh an obair a aontaíodh eadraibh mar sprioc don chruinniú déanta go sásúil.
3. Más píosa scríbhneoireachta atá i gceist, bíodh sé clóscríofa le spás go leith idir na línte.
4. Bíodh d'ainm ar gach píosa oibre agus uimhir ar gach leathanach.
5. Bíodh na tagairtí cruinn agus de réir Bhileog Stíle Roinn na Gaeilge.
6. Déan iarracht an obair a sheoladh chuig an bhfeighlí roimh ré.
7. I gcás tascanna eile, scríobh achoimre ghearr ar a bhfuil déanta agus liostaigh pointí atá le cur i gcrích fós.
8. Scríobh síos aon cheisteanna atá agat faoin obair.
9. Cothaigh timpeallacht dhearfach duit féin, ina mbeidh cóimheá oiriúnach maidir le do chuid léinn agus le gnéithe eile de do shaol.
10. Déan iarracht bheith i dteagmháil le daoine eile atá ag scríobh tráchtais. Is cuid den fhoghlaim na comhráite a bhíonn agat le do chomhghleacaithe.
11. Bíodh leabhar nótaí in aice leat i gcónaí le smaointe, ceisteanna, tuairimí, tagairtí agus mar sin de a bhreacadh síos.
12. Nuair a thosaíonn tú ag scríobh, leag amach sprioc focal (idir 500-1,000 focal) a chur ar páipéar gach lá.
13. Breac síos gach rud a ritheann leat ar dtús. Is féidir eagarthóireacht a dhéanamh air níos déanaí.
14. Déan iarracht ar do chruinneas scríofa a thabhairt chun foirfeachta sa phróiseas seo.
15. Déan bainistíocht ar do chuid gníomhaíochtaí, chun dóthain ama a fhágáil do do chuid taighde agus do chuid scríbhneoireachta.

2. Aidhmeanna an tráchtais

Tosaíonn réamhobair an tráchtais i seimeastar 1 leis an modúl 'Modhanna Taighde' atá éigeantach do gach mac léinn. Pléitear sa chúrsa sin fealsúnacht an taighde, aidhmeanna agus ceisteanna taighde, modheolaíocht, eiticí taighde, forléargas litríochta, foinsí/tagairtí don taighde agus leagan amach an tráchtais. Sa dara seimeastar, ní mór don mhac léinn luí isteach ar obair neamhspleách chun an tráchtas a chur i gcrích. Seo a leanas aidhmeanna an tráchtais:

1. Scileanna taighde agus anailíse na gcéimithe a fhorbairt.
2. Cur le cumas na gcéimithe obair neamhspleách a chur i gcrích.
3. Deis a thabhairt do na céimithe staidéar ar leibhéal máistreachta a dhéanamh ar réimse ábhair dá rogha féin.

3. Roghnú Ábhar an Tráchtais

Tar éis dul i gcomhairle le foireann Roinn na Gaeilge, roghnóidh gach mac léinn ábhar a oireann don réimse scileanna a sealbhaíodh agus don taithí a fuarthas le linn an chúrsa MA. Ní ceadmhach d'aon mhac léinn tosú go foirmeálta ar an tráchtas gan ábhar an tráchtais sin a bheith ceadaithe ag Ollamh na Nua-Ghaeilge agus feighlí oifigiúil a bheith ceaptha ag Roinn na Gaeilge. Ní ceadmhach d'aon mhac léinn an t-ábhar a athrú gan dul i gcomhairle agus é a cheadú roimh ré le hOllamh na Nua-Ghaeilge.

4. Spriocanna agus amchlár

Ionas go gcuirfidh na céimithe an taighde i gcrích laistigh den tréimhse bheartaithe, ní mór dóibh cloí le roinnt spriocdhátaí i gcaitheamh na bliana.

1. Forléargas ar an tráchtas: Aiste 3,000 focal. Spriocdháta: 2 Aibreán 2012. Luach: 5ECTS nó 50 marc de chuid an mhodúil NG 524.
2. An tráchtas a chur faoi bhráid na hollscoile: 31 Lúnasa 2012 (dáta le deimhniú).

5. An Feighlí Taighde

Ceapfar feighlí taighde i gcás gach mic léinn i seimeastar 2, tar éis don fhoireann pleananna imlíneacha an taighde a scagadh. Beidh ar gach mac léinn coinne a dhéanamh leis an bhfeighlí go gairid ina dhiaidh sin chun an sceideal oibre a phlé.

1. Is chun stiúir a thabhairt don mhac léinn maidir le gnéithe acadúla agus taighde atá an feighlí ann. Níl sé/sí ann chun an obair a chur i gcrích don mhac léinn. Acmhainn chomhairleach don mhac léinn is ea an feighlí, ach caithfidh gach mac léinn an taighde a dhéanamh go neamhspleách.
2. Tá dualgas ar gach mac léinn a chinntiú go bhfuil aon obair/dréacht a chuirfidh sé/sí faoi bhráid an fheighlí, slachtmhar, dea-scríofa, cruinn. Níl dualgas ar an bhfeighlí glacadh le hobair nach gcomhlíonann an coinníoll sin.
3. Déanfaidh gach mac léinn coinní rialta leis an bhfeighlí chun dul chun cinn an tráchtais a phlé, agus cuirfear dréachtaí oibre chuige/chuici go tráthrialta nuair a iarrfar iad.
4. Coinneofar taifead scríofa ar gach cruinniú idir an feighlí agus an mac léinn agus tabharfar cóip den cháipéis sin don mhac léinn ag deireadh gach cruinnithe.

5. D'fhéadfadh an feighlí, i gcomhar le hOllamh na Nua-Ghaeilge, le Stiúrthóir an Chláir MA sa Nua-Ghaeilge agus leis an gCeann Roinne, comhairle a chur ar iarrthóirí éirí as an tráchtas, má tá sé/sí den tuairim láidir nach n-éireodh leis an iarrthóir an caighdeán cuí a bhaint amach.

6. Fad an Tráchtais

Tá tráchtas 15,000-20,000 focal le scríobh ag gach mac léinn. Is fiú 400 marc (40 ECTS) an tráchtas. Is féidir go ngearrfaí pionós ar thráchtas a mbeadh níos lú ná 15,000 focal ann. Moltar do mhic léinn gan dul thar 20,000 focal, ach sa chás go dtarlóidh sin ní ghearrfar pionós as sárú uaslíon na bhfocal.

7. Ceart na Teanga sa Tráchtas

Ó tharla gur cúrsa máistreachta sa Nua-Ghaeilge é an cúrsa seo beifear ag súil le hardchaighdeán Gaeilge sa tráchtas.

Tá dualgas ar gach mac léinn a chinntiú go bhfuil aon obair/dréacht a chuirfidh sé/sí faoi bhráid an fheighlí, slachtmhar, dea-scríofa, cruinn. Mar sin, ní mór do gach mac léinn cúram ar leith a dhéanamh de cheart na Gaeilge. Níl dualgas ar an bhfeighlí glacadh le hobair nach gcomhlíonann an coinníoll sin.

Is féidir leis an bhfeighlí, más dóigh leis/léi gur gá sin, mioncheartú teanga a dhéanamh ar an gcéad dréacht a chuirfidh an mac léinn chuige/chuici, ach ní dhéanfar aon mhioncheartú ina dhiaidh sin. An mac léinn féin a bheidh freagrach as ardchaighdeán Gaeilge a chinntiú sa deireadh.

8. Measúnú

400 marc as 900 marc san iomlán a thugtar don tráchtas (ach go mbaintear 50 marc as an méid sin don chúrsa 'Modhanna Taighde'). Seo a leanas na gráid éagsúla:

Pas:	40-49% san iomlán
Dara hOnóracha, Grád 2:	50-59% san iomlán
Dara hOnóracha, Grád 1:	60-69% san iomlán
Onóracha den Chéad Ghrád:	70+% san iomlán

Reáchtálfar scrúdú cainte faoi ábhar an tráchtais an lá céanna le scrúdú scríofa an mhodúil NG523 (Teanga na Nua-Ghaeilge).

9. Bradaíl liteartha

Ba chóir do gach mac léinn polasaí na hOllscoile ar an mBradaíl Liteartha a léamh go cúramach roimh dó/di tabhairt faoi taighde. Is cion tromchúiseach an bhradaíl faoi rialacha na hollscoile. Tá fáil ar an bpolasaí i nGaeilge ag:

www.nuigalway.ie/gaeilge/documents/codbradaileoeg.doc

10. Bileog Stíle

Ba chóir do gach mac léinn Bileog Stíle Roinn na Gaeilge a leanúint go beacht agus an tráchtas á scríobh aige/aici. Ina theannta sin, ba chóir na treoracha seo a leanas a leanúint maidir le leagan amach:

Cineál cló: Ba chóir Times New Roman, Tahoma nó Arial, pointe 12, nó a gcomhionann a úsáid sa téacs go ginearálta. Ba chóir cloí le cineál amháin cló sa cháipéis iomlán.

Imeall: Ba chóir spás 4cm a fhágáil ar imeall clé an leathanaigh, agus spás 3cm ar deis agus ar barr agus ar bun.

Spásáil: Ba chóir spásáil 1.5 a úsáid tríd an téacs an fad. Is féidir spásáil shingil a úsáid do shleachta eangaithe (feic Bileog Stíle), don leabharliosta agus d'aguisíní. Is féidir cló pointe 10 a úsáid i dtéacsanna eangaithe más áil leis an mac léinn sin.

Ceannteidil: Ba chóir ceannteidil na gcaibidlí a chur i gceannlitreachta agus i gcló trom. Ba chóir ceannteidil mhóra a bheith i gcló trom agus fotheidil i ngnáthchló le líne fúthu. Ba chóir fo-fhotheidil a bheith i gcló iodálach. Is féidir córas aitheanta uimhrithe a leanúint chomh maith.

Leathanaigh: Ba chóir go mbeadh uimhir ar gach leathanach den tráchtas ón leathanach teidil ar aghaidh, na haguisíní agus an leabharliosta san áireamh. Ba chóir go mbeadh uimhir sa stíl Rómhánach ar gach réamhleathanach (an clár, liosta giorrúchán, achoimre, buíochas srl.). Áirítear an leathanach teidil mar réamhleathanach (uimhir **i**) ach ní scríobhtar an uimhir ar an leathanach. Tosaíonn na huimhreacha infheicthe le leathanach **ii**. Tosaíonn príomhthéacs an tráchtais leis an uimhir **1**, agus leanann na huimhreacha go dtí an leathanach deireanach den tráchtas iomlán.

11. An tráchtas a chur faoi bhráid na hollscoile

Is é polasaí Roinn na Gaeilge nach gcuirfí tráchtais faoi bhráid na hOllscoile gan faomhadh roimh ré ó fheighlí an tráchtais. Tá rialacha na hOllscoile maidir leis seo ar fáil ag:

http://www.nuigalway.ie/exams/downloads/research_master_degreestaught_programmes.pdf

Athnuaite
Lúnasa 2011